Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5628/1/26**
**REV 1**

**ECOFIN 65**
**FIN 105**
**RELEX 86**
**COEST 56**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le hIasacht don Úcráin a bhunú<br>– Glacadh |

1. An 3 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, mar a leagtar amach in 16367/25 é, agus Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an Iasacht Chúiteamh-nasctha don Úcráin agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin, mar a leagtar amach in 16376/25 é.

2. D'fhonn an tacaíocht airgeadais is gá a áirithiú don Úcráin ón dara ráithe de 2026 i leith, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach, an 18 Nollaig 2025 (EUCO 24/25), iasacht EUR 90 billiún a thabhairt don Úcráin do na blianta 2026 agus 2027 bunaithe ar iasachtaíocht an Aontais ar na margaí caipitil a bhfuil lamháil bhuiséad an Aontais mar thaca léi. Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach freisin nach mbeidh tionchar ag aon slógadh d'acmhainní bhuiséad an Aontais mar ráthaíocht ar an iasacht sin ar oibleagáidí airgeadais Phoblacht na Seice, na hUngáire ná na Slóvaice.

3. Leis an iasacht a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach chun freagairt go práinneach ar an staid san Úcráin, tá gá le comhaontú d'aon toil chun CAI a leasú agus le comhaontú maidir le hiasacht a bhfuil lamháil bhuiséad an Aontais mar thaca léi nach mbeidh tionchar aici ar oibleagáidí airgeadais na dtrí Bhallstát sin. Is léir, dá bhrí sin, ón bplé a rinneadh sa Chomhairle Eorpach agus ó na conclúidí ar thángthas orthu, arna ndearbhú ag Coreper an 19 Nollaig 2025, nach féidir cuspóir na hiasachta a bhaint amach laistigh de thréimhse réasúnta ama trí phacáiste gníomhartha ina bhfuil an tAontas ina iomláine páirteach.

4. Dá bhrí sin, ní féidir an ionstraim lena gcuirtear an iasacht ar fáil don Úcráin agus na leasuithe is gá ar Rialachán CAI a chomhaontú ach amháin, mar rogha dheireanach, trí chomhaontú d'aon toil maidir le Rialachán CAI agus trí chomhar feabhsaithe maidir le hionstraimí Airteagal 212 CFAE lena mbunaítear an iasacht a n-íocfaidh na Ballstáit rannpháirteacha an caiteachas a eascraíonn as cur chun feidhme an ghnímh sin ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 332 CFAE. Dá bhrí sin, tá gá le comhar feabhsaithe maidir leis an togra le haghaidh iasacht don Úcráin dá dtagraítear thuas.

5. An 20 Nollaig 2025, d'iarr an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an Fhionlainn agus an tSualainn (17101/25) go gcuirfeadh an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh cinneadh lena n-údaraítear comhar feabhsaithe arb é is cuspóir agus raon feidhme dó iasacht EUR 90 billiún a thabhairt don Úcráin do na blianta 2026 agus 2027 bunaithe ar iasachtaíocht an Aontais ar na margaí caipitil a bhfuil lamháil bhuiséad an Aontais mar thaca léi trí éifeacht a thabhairt do mhíreanna 3 agus 4 de na Conclúidí ón gComhairle Eorpach (EUCO 24/25) chomh maith le mír 8 den téacs maidir leis an Úcráin le tacaíocht dhaingean ó 25 Cheann Stáit nó Rialtais (EUCO 26/25).

6. An 23 Nollaig 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le bunú iasachta don Úcráin, mar a leagtar amach in 17116/25 é.

7. An 9 Eanáir 2026, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú i bprionsabal maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le hIasacht don Úcráin a bhunú arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, mar a leagtar amach in 17113/25 é, agus chinn sé, i bhfianaise phráinn an ábhair agus i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun cinneadh a dhéanamh an dréachtchinneadh thuasluaite ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa le haghaidh toiliú i gcomhréir le hAirteagal 329(1), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

8. An 12 Eanáir 2026, chinn an Chomhairle, trí nós imeachta i scríbhinn, a iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt don dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le hIasacht don Úcráin a bhunú, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, mar a leagtar amach in 17113/25 é.

9. An 21 Eanáir 2026, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú don dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le hIasacht don Úcráin a bhunú (5663/26 + COR 1).

10. I bhfianaise an mhéid sin, moltar go ndearbhódh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú maidir leis an téacs agus moltar don Chomhairle an Cinneadh, mar a léirítear in 17113/25 é, a ghlacadh, ar Cinneadh é a ndearna na dlítheangeolaithe athbhreithniú air cheana, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Ungáir ag staonadh ón vótáil.